# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH 2008 – MAIDIN, 9.30 go 11.30

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FÚTHU SEO A LEANAS:

- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

**AONAD A hAON**

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. CIALL DON tSÁCRÁILTEACHT

**Freagair a) agus b).**

*Is féidir le ciall don tsácráilteacht, ciall do Dhia, ciall don naofacht, cabhrú le daoine brí a aimsiú i sochaí an lae inniu.*

a) Déan cur síos ar shampla **amháin** inar féidir ciall don tsácráilteacht a fheiceáil sa tslí a gcaitheann daoine a saol sa lá atá inniu ann.

(20 marc)

b) Mínigh conas a d'fhéadfadh ciall don tsácráilteacht cabhrú le duine agus brí na beatha á cuardach aige/aici sa lá atá inniu ann.

(20 marc)

### CEIST 2. AN FHREAGAIRT DO CHUADACH NA BRÍ

**Freagair a) agus b).**

a) Déan cur síos ar bhrí gach ceann de na téarmaí seo a leanas:

i. Agnóiseachas. (10 marc)

ii. Aindiachas. (10 marc)

b) Scrúdaigh na slite a bhféadfadh an t-agnóiseachas tionchar a bheith aige ar chuardach duine ar bhrí na beatha. (20 marc)

### CEIST 3. COINCHEAP AN FHOILSITHE

**Freagair a) agus b).**

a) i. I dtraidisiúin reiligiúnacha, cad is brí leis an téarma 'foilsiú ó Dhia'? (10 marc)

ii. Déan cur síos ar shampla **amháin** d'fhoilsiú ó Dhia a bhfuil fáil air i mór-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. (10 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a bhfuil tionchar ar chleachtadh reiligiúnach ag an tuiscint ar choincheap an fhoilsithe atá ar fáil i mór-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. (20 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Is iomaí foinse a thugann fianaise dúinn go raibh a leithéid de dhuine agus Íosa Nazórach ann.

Scrúdaigh an fhianaise atá le fáil i scríbhinní gach duine díobh seo a leanas go raibh a leithéid de dhuine agus Íosa ann:

i. Plinias Óg. (10 marc)

ii. Tacatas. (10 marc)

b) Mínigh cén fáth a bhfuil scríbhinní duine **amháin** díobh seo a leanas tábhachtach mar fhoinse a thugann fianaise dúinn go raibh a leithéid de dhuine agus Íosa Nazórach ann.

- Soiscéalaí – Maitiú *nó* Marcas *nó* Lúcás *nó* Eoin
- Naomh Pól
- Josephus

(20 marc)

c) Tabhair breac-chuntas ar na slite a raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar an gciall don mhisean i measc a chuid deisceabal. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a), b) agus c).**

a) Tá mórán gnéithe ar leith ag reiligiún príomhúil. Tá siad seo ar na gnéithe sin:

- Mana
- Seaman
- Geis
- Tótam

Déan cur síos ar cad is brí le **dhá** cheann díobh sin thuas sa reiligiún príomhúil. (20 marc)

b) i. Déan cur síos ar cad is brí leis an téarma 'dialóg idirchreidmheach'. (10 marc)

ii. ◆An Búdachas ◆An Chríostaíocht ◆An Hiondúchas ◆An tIoslamachas ◆An Giúdachas

Tabhair breac-chuntas ar dhialóg idirchreidmheach a bhfuil **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas páirteach inti. (20 marc)

c) ◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan comparáid idir an tslí a ndéantar céim thábhachtach i saol an duine a cheiliúradh i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas agus an tslí a ndéantar é a cheiliúradh sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas. (30 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a), b) agus c).**

a) ● Peaca Pearsanta ● Peaca Sóisialta

Déan cur síos ar a dtuigtear le ceann **amháin** de na cineálacha thuas den teip mhorálta agus tabhair sampla ar a bhfuil i gceist leis. (20 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar thuiscint an athmhuintearais i sainchreideamh Críostaí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (30 marc)

c) Déan comparáid idir an tuiscint ar an teip mhorálta i sainchreideamh Críostaí agus an tslí a dtuigtear an teip mhorálta i reiligiún neamh-Chríostaí domhanda **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (30 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E AN REILIGIÚN AGUS AN INSCNE

**Freagair a) *nó* b) *nó* c) *nó* d).**

a) Déan próifíl de na róil i stair an tSlánaithe ag na hEabhraigh a ghlac **beirt** fhear *nó* **beirt** bhan a n-insítear a n-imeachtaí i Scrioptúir na nEabhrach. (80 marc)

***nó***

b) Déan próifíl de na róil a ghlac fir agus mná i bpobal luath-Chríostaí **amháin** a ndéantar cur síos air i nGníomhartha na nAspal *nó* i Litreacha Naomh Pól. (80 marc)

***nó***

c) Déan próifíl den tslí a dtéann léiriú Mhuire, máthair Íosa, sna Soiscéil i bhfeidhm ar róil fear agus ban i sainchreideamh Críostaí **amháin**. (80 marc)

***nó***

d) Déan próifíl den tslí ar chuir sainchreideamh Críostaí **amháin** cumhachtú *nó* saoirse fear agus ban chun cinn. (80 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

a) Déanann reiligiúin dhomhanda an ceartas agus an tsíocháin a chur faoinár mbráid ar shlite éagsúla –

- Conair Ocht Rian an Bhúdachais
- Ceithre Varna an Hiondúchais
- An Traidisiún Giúd-Chríostaí
- Zakat an Ioslamachais

Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint don cheartas agus don tsíocháin atá in **dhá** cheann díobh sin thuas. (40 marc)

b) ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Déan cur síos ar an tslí a spreagann teagasc **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas cúram don chomhshaol. (40 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) agus b).**

a)
- An Claochlú (Marcas: 9:2-13)
- An tSeanmóir ar an Talamh Réidh (Lúcás 6:20-49)
- An Brollach (Eoin1:1-18)

Roghnaigh ceann **amháin** de na téacsanna as an Tiomna Nua atá liostaithe thuas agus déan cur síos air agus tú ag baint leasa as na ceannteidil seo a leanas:

i. Seánra/cineál an téacs. (20 marc)

ii. A ndeir an téacs faoin ngaol idir Dia agus an duine. (20 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar a raibh i gceist ag **dhá** chéim éagsúla nuair a bhí Scrioptúir na nEabhrach *nó* na Soiscéil á scríobh. (40 marc)

## ROINN I REILIGIÚN: AN TAITHÍ ÉIREANNACH

**Freagair a) agus b) i *nó* ii.**

Tá mórán suíomh seandálaíochta in Éirinn a sholáthraíonn fianaise ar chreidimh agus ar chleachtais reiligiúnacha le linn na ré réamh-Chríostaí.

a) Tabhair breac-chuntas ar conas a sholáthraíonn áit **amháin** in Éirinn fianaise ar chreideamh reiligiúnach agus /nó ar chleachtas reiligiúnach le linn na ré réamh-Chríostaí.

(40 marc)



b) i. Scrúdaigh conas a sholáthraíonn miotas Éireannach **amháin** nó sága Éireannach **amháin** fianaise ar chreideamh reiligiúnach agus/nó ar chleachtas reiligiúnach sa ré réamh-Chríostaí.

(40 marc)

***nó***

ii. Scrúdaigh conas is féidir cleachtas reiligiúnach **amháin** in Éirinn inniu a rianú chomh fada siar leis an ré réamh-Chríostaí.

(40 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán